Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10132/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0113 (NLE)**

**AELE 48**
**N 35**
**ISL 24**
**FL 28**
**MI 521**
**EMPL 216**
**SOC 380**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (Eurofound) |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh,
i gComhchoiste LEE
i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE,
maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse
(Eurofound)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

1 IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[2] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh *inter alia* Prótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, ('Prótacal 31') a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú.

(3) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] a chumhdach.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin agus ba cheart an comhar leathnaithe sin a bheith ann go cúlghabhálach ón 1 Eanáir 2024.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréacht-Chinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

[3] Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (*Eurofound*), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle, (IO L 30, 31.1.2019, lch. 74).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, beidh sé bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*